

CLÁR CAIPITIL SPÓIRT 2018

TREOIR LE HIARRATAS A DHÉANAMH



An Roinn Iompair
Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport,
Tourism and Sport



www.sportscapitalprogramme.ie

<https://www.youtube.com/channel/UCq1kBv-FA7QcFmu8cdrlsTg>

CLÁR ÁBHAR

RÉAMHRÁ & FORLÉARGAS

Tá roinnt athruithe déanta ar Chlár Caipitil Spóirt 2018. Mar sin léigh an treoír go cúramach agus go hiomlán sula ndéantar iarratas ar líne.

Caithefear gach iarratas, ar a n-áirítear doiciméadacht tacaíochta, a chur isteach ar líne. Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear tríd an bpost nó trí r-phost agus cuirfear ar ais iad.

Mura ndearna tú clárú roimhe seo, ní mór do d'eagraíocht agat clárú ar dtús ar an suíomh gréasáin agus is gá do d'eagraíocht Cláruimhir Chánach a bheith aici ó na Coimisinéirí Ioncaim le clárú.

Is é an spriocdháta d'iarratais ná 5pm an Aoine XXXX

Is é an sprioc-am do chlárú ná 5pm an Aoine XXXX

Déanann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Clár Caipitil Spóirt (CCS) a oibriú agus soláthraíonn sí deontais le cabhrú le háiseanna spóirt a fhorbairt nó a athchóiriú agus le trealamh spóirt a sholáthar.

Is iad cuspóirí an Chláir:

- Cúnamh a thabhairt d'eagraíochtaí deonacha agus pobail, d'eagraíochtaí rialachais náisiúnta (ERN) spóirt, d'údaráis áitiúla agus do Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus do scoileanna le háiseanna ardchaighdeán, inrochtana, slán, dea-dheartha agus inbhuanaithe a fhorbairt i suímh oiriúnacha agus trealamh oiriúnach a sholáthar chun cabhrú le huas-rannpháirtíocht i spóirt agus in áineas fisiciúil.
- Tosaíocht a thabhairt do riachtanais na gceantar atá faoi mhíbhuntáiste maidir le háiseanna spóirt a sholáthar.

- Spreagadh a thabhairt do chomhroinnt áiseanna spóirt áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ag clubanna, eagraíochtaí pobail agus eagraíochtaí rialachais náisiúnta spóirt.

Conas iarratas a dhéanamh?

Tá deontais ar fáil do chlubanna spóirt, grúpaí deonacha agus pobail, coistí náisiúnta rialaithe spóirt agus údaráis áitiúla. Ní féidir le coláistí tríú leibhéal,¹ Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) cur isteach ar mhaoiniú ach i gcomhpháirt le clubanna nó eagraíochtaí spóirt.

Clárú

Ní mór d'aon eagraíocht ar mhian léi iarratas a dhéanamh clárú ar dtús ag www.sportscapitalprogramme.ie. Tá treoir ar leith ar fáil don phróiseas cláraithe ag <http://www.dttas.gov.ie/sites/default/files/corporate/guide-registering-scp-online.pdf>. Tá físeán 'conas clárú' déanta ag an Roinn agus le fáil ag <https://www.youtube.com/watch?v=LDI-L2I5JXQ&t=8s>

5pm an Aoine an XXX an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais

Spríodhata Iarratais

An 5pm an Aoine XXXX an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Dúnfar an córas ar líne ag an am seo go cruinn agus ní ghlacfar le hiarratais a bhíonn déanach nó neamhiomlán. Mura mbíonn cliceáil déanta agat ar an gcnaipe “Sábháil agus Cuir Isteach” ar an leathanach deireanach den fhoirm iarratais faoin spríoc-am seo ní chuirfear d'iarratas san áireamh. Moltar go láidir duit tosú ar an bpróiseas iarratais a luaithe agus is féidir é toisc go mb'fhéidir nach mbeadh ar chumas na Roinne cabhrú leat ag druidim leis an spríodhata de bharr líon na nglanna agus na r-phost a bhfuiltear ag súil leo ag an am seo.

Nuair a bhíonn d'iarratas curtha isteach agat moltar go láidir duit cóip den leathanach “Iarratas ar Dheontas Curtha Isteach” a shábháil agus/nó a chló. B'fhéidir go mbeadh an litir seo ag teastáil uait mar fhianaise ar d'iarratas a dhéanamh.

Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear tríd an bpost nó trí r-phost agus cuirfear ar ais iad.

Conas iarratas a dhéanamh

Is é an t-aon bhealach le hiarratas a dhéanamh ar dheontais ná ar an gClár Caipitil Spóirt Ar Líne (córas OSCAR) ag www.sportscapitalprogramme.ie. Ceadáíonn an suíomh gréasáin

¹ Níl clubanna spóirt laistigh de scoileanna agus de choláistí tríú leibhéal i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú fiú sa chás go bhfuil siad ceangailte le club spóirt eile.

freisin dóibh sin a bhíonn cláraithe, féachaint ar dheontais agus íocaíochtaí roimhe seo, sonraí teagmhála a athrú, íocaíocht a lorg ar dheontas agus teagmháil a dhéanamh leis an Roinn.

Le hiarratas a dhéanamh téigh chuig www.sportscapitalprogramme.ie agus logáil isteach ag úsáid na cláruimhreach cánach agus an pasfhocal a úsáideadh ag céim an chláraithe.

Tabharfaidh an draoi iarratais treoir duit tríd an bpróiseas iarratais agus is féidir leat do shaothar a shábháil agus a athbhreithniú de réir mar a líonann tú an fhoirm. Toisc go ndéanfaidh an córas logáil amach ort tar éis tamaill díomhaointis tá sé tábhachtach go ndéanfá d'iarratas a shábháil go rialta ag úsáid an chnaipe "Sábháil" ag bun gach leathanaigh. Is féidir leat filleadh air ar ball nuair a bhíonn níos mó eolais nó doiciméid leictreonacha réidh agat le huaslódáil.

Tá réimsí áirithe ar gach leathanach éigeantach. Má dhéanann tú iarracht ar dhul ar aghaidh gan na réimsí seo a líonadh tiocfaidh téacs faoi bhun gach réimse éigeantach á rá cad is gá a chur ann.

Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhfuil maoiniú teoranta agus gur próiseas iomaíoch atá i gceist. Ní hionann na bunchritéir faoi na ceanteidil thuas a shásamh agus maoiniú a fháil.

Cá háit is féidir leat comhairle a fháil ar conas iarratas a dhéanamh?

Le comhairle a fháil ar conas iarratas a dhéanamh:

- léigh an treoir seo
- féach ar ár bhfíseáin YouTube
- freastail ar cheann de na ceardlanna eolais a bheith ar siúl le linn na tréimhse iarratais. Cuirfear ríomhphost chuig gach eagraíocht cláraithe maidir leis na sonraí cuí.
- Glaoigh ar an Roinn – féach <http://www.dttas.ie/sport/english/sport-unit-1-sports-capital-programmes-division> d'uimhir an té atá ag déileáil le do chontae.
- r-phost chuig SportsCapitalProgrammes@dtas.ie
- is féidir leat íoslódáil a dhéanamh ar fhoirm iarratais samplach bán ag <http://www.dttas.ie/sport/english/sport-unit-1-sports-capital-programmes-division> (níl anseo ach foirm samplach agus caithfear gach iarratas a dhéanamh ar líne ar an gcóras OSCAR)

Nithe Teicniúla

Moltar duit gan d'iarratas a bheith oscailte agat i níos mó ná fuinneog bhrabhsála nó táb amháin ag an am gcéanna.

Uaslódáil doiciméadachta tacaíochta

Tabharfaidh córas OSCAR treoir duit maidir le huaslódáil a dhéanamh ar dhoiciméid áirithe ag céimeanna áirithe den phróiseas iarratais, ach caithfidh tú deimhin a dhéanamh de go ndéanann tú uaslódáil ar gach doiciméad a bhíonn ag teastáil/ceart don iarratas agat.

Déan uaslódáil le do thoil ar aon doiciméad il-leathanach mar uaslódáil amháin seachas uaslódáil ar leith in aghaidh an leathanaigh.

Tá sé tábhachtach go dtabharfaí iad seo a leanas faoi deara:

- Is sna formáidí seo a leanas amháin atá uaslódáil le déanamh ar na doiciméid: PDF, GIF, JPG, JPEG, TIF, TIFF, BMP, PSD agus PSPIMAGE (ní féidir doiciméid i word ná comhaid eile ineagarthóireachta a úsáid).
- Diúltóidh an córas OSCAR do chomhaid leictreonacha a bhíonn cosanta ag pasfhocal nó a bhfuil srianta slándála eile ag baint leo
- Bí cinnte go ndéanann tú aon chomhad leictreonach ar do ríomhaire a dhúnadh sula ndéanann tú iad a uaslódáil le do Chlárú nó d'Iarratas
- Is é uasmhéid chomhaid d'uaslódáil aon doiciméid amháin ná 5 meigibheart
- Níor chóir ach carachtair alfa-uimhriúla a bheith ar ainmneacha na gcomhad .i. a - z, A - Z agus 0 go 9 agus spásanna, ní cheadaítear aon charachtar eile.
- Is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go ndéanann tú na doiciméid chearta a uaslódáil.

Má theipeann ort déanamh de réir na rialacha seo ní ghlacfaidh an córas le do dhoiciméid.

Gaistí Coitianta

Féach thíos roinnt de na gaistí is coitianta a raibh iarratais neamhbhailí mar thoradh orthu i mbabhtáí roimhe seo de SCP:

1. **Teideal/Rochtain ar an talamh ar a bhfuil an tionscadal á fhorbairt**—gan teimpléid teidil/rochtana (aguisín 4 agus 5 den treoir seo) a sholáthar, gan iad a bheith sínithe, gan dáta, gan leasú nó gan iad a bheith líonta go hiomlán
2. **Do Mhaoiniú Féin** – gan tairiscint ar iasacht nó ráitis bhainc a sholáthar, iad a sholáthar gan ainm an iarratasóra nó gan dáta laistigh de 3 mhí ó spriocdháta an iarratais
3. **Na doiciméid mhíchearta a uaslódáil** – nó uaslódáil déanta ar an doiciméad céanna arís agus arís eile
4. **Gan iarratas a bheith tosaithe in am** – le heagraíochtaí nach dtosaíonn a n-iarratas go luath bíonn an baol ann go mbeidh deacrachtaí teicniúla nó eile ann nach féidir a réiteach roimh an spriocdháta.

Neamhchomhlíonadh Théarmaí agus Choinníollacha an Chláir

Glactar an-dáiríre leis má chuirtear eolas bréige nó míthreorach chuig an Roinn ag staid ar bith. Is féidir go mbeadh aon eagraíocht nach gcomhlíonann téarmaí agus

coinníollacha an Chláir Caipitil Spóirt faoi réir chigireachta, le haistarraingt á dhéanamh ar a ndeontas, agus go mbeadh orthu aisíoc a dhéanamh ar iomlán nó ar chuid den deontas agus/nó go mbeadh cosc orthu ar iarratas a dhéanamh ar feadh tréimhse.

Cuirfear gach sárú dáiríre ar théarmaí agus coinníollacha an Chláir in iúl don Gharda Síochána.

Achoimre ar na doiciméid atá ag teastáil

Tá sonraí iomlána ar na doiciméid atá de dhíth leagtha síos sa rannán sin den treoird maidir leis an leathanach ábhartha den fhoirm iarratais. Seo thíos seicliosta **achoimrithe** ar a mbeidh ag teastáil uait. **Ní chuirfidh an Roinn aon doiciméad tacaíochta eile san áireamh.** Má chuireann tú doiciméid ar aghaidh a bhféadfadh d'iarratas a bheith neamhbhailí mar thoradh orthu, d'fhéadfadh go ndéanfaí teagmháil leat le linn an phróisis measúnaithe le deis a thabhairt duit na doiciméid chearta a chur ar aghaidh.

Doiciméad	Éigeantach?
Litir ó chomhlacht ceannais náisiúnta an spóirt ina deimhnítear stádas réigiúnach an tionscadail	Éigeantach do gach iarratas réigiúnach
Luachan/meastachán ar chostas do thionscadail	Éigeantach do gach iarratas
Cruthú ar mhaoiniú uait féin	Éigeantach do gach iarratas Éigeantach do gach iarratas. Caithfear tairiscintí ar iasacht a líonadh ar an teimpléad ag aguisín 1.
Fianaise ar chead pleanála/iarratas pleanála nó fianaise nach bhfuil gá le cead pleanála	Roghnach ach bronntar marcanna breise céim an mheasúnaithe (féach an chuid maidir le cead pleanála chun tuilleadh sonraí a fháil).
Socruithe faoi cheadúnas idir grúpaí mar fhianaise ar áiseanna a roinnt	Éigeantach i gcás gach iarratas scoile, ó lontaobhais Deoise, Boird Oideachais agus Oiliúna agus ó choláistí tríú leibhéal. Roghnach i gcásanna eile ach bronntar marcanna breise chun áiseanna a roinnt.
Fianaise ar úinéireacht an láithreáin	Éigeantach do gach iarratas ar oibreacha caipitiúla mar a mbíonn teideal inmhuirir ag eagraíochtaí ar a dtalamh. Is gá do dhlíodóir an teimpléad ag aguisín 5 a líonadh
Fianaise ar rochtain ar an Láthair	Éigeantach do gach iarratas ar oibreacha caipitiúla mar a mbíonn teideal inmhuirir ag eagraíochtaí ar a

dtalamh. Féadfaidh eagraíocht, sa chás sin, iarratas a dhéanamh ar uasmhéid €50,000 i leith oibreacha caipitiúla. Is gá don úinéir/tiarna talún an teimpléad in aguisín 4 a líonadh

Teimpléid

Tá an Roinn tar éis teimpléid a sholáthar a chaithfear a úsáid le heolas áirithe a sholáthar. Tá siad seo go léir leagtha síos in aguisíní leis an treoir seo nó is féidir íoslódáil a dhéanamh orthu freisin ón leathanach den fhoirm iarratais ar líne mar a bhfuil gá leis an teimpléad. Ba chóir don duine iomchuí iad seo a líonadh, a shíniú, a scanadh agus a uaslódáil mar chuid den iarratas agat.

Caithfear gach cuid de na teimpléid a líonadh agus níor chóir an téacs atá ann a leasú ná a mhaolú ar bhealach ar bith. D'fhéadfadh nathanna mar “gan dochar” a chur isteach an t-iarratas a dhéanamh neamhbhailí.

Iarratais i gComhpháirt - Scoileanna, Iontaobhais Deoise, Boird Oiliúna agus Oideachais agus coláistí 3ú leibhéal

Ní féidir le coláistí tríú leibhéal, Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) cur isteach ar mhaoiniú ach i gcomhpháirt le clubanna nó eagraíochtaí spóirt.

Is féidir le hÚdaráis Áitiuil iarratais a dhéanamh i gcomhpháirt le clubanna nó grúpaí áitiúla.

Ní mór don eagraíocht ar leo an talamh ar a bhfuil an tionscadal beartaithe an t-iarratas a dhéanamh ar chóras OSCAR. Cuirtear sonraí (ainm agus uimhir chláráithe cánach) na n-eagraíochtaí a bhíonn á gcur leis na hiarratais isteach le linn an phróisis iarratais. Ní mór do gach eagraíocht a bhíonn i gceist a bheith cláráithe ar an gcóras OSCAR

Más club spóirt tú atá ag déanamh iarratais i gcomhpháirt ní féidir leat iarratas ar leith a dhéanamh faoi d'ainm féin.

Féach leathanach 14 chun tuilleadh sonraí a fháil i dtaobh fianaise a chur ar fáil maidir le háiseanna a roinnt.

Áiseanna a Roinnt

Féadfaidh clubanna agus eagraíochtaí (seachas na cinn sin a luaitear thuas faoi iarratais i gComhpháirt) pointí breise a bhaint amach ag céim an mheasúnaithe trína gcuid áiseanna a roinnt le clubanna/grúpaí nó scoileanna san áit.

Féach leathanach 14 chun tuilleadh sonraí a fháil i dtaobh fianaise a chur ar fáil maidir le háiseanna a roinnt.

Níos mó ná aon iarratas amháin a dhéanamh

Ní féidir ach le hÚdarais Áitiúla, Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt, Iontaobhais Deoise agus Boird Oideachais agus Oiliúna níos mó ná iarratas amháin a dhéanamh faoi gach babhta den CCS.

Iarratais Neamhbhailí

Déantar gach iarratas a bhailíochtú ag an gcéad chéim den mheasúnú. Má aithnítear go bhfuil aon easnamh i gceist (doiciméad mícheart/ar iarraidh) déanfar teagmháil leis an iarratasóir agus tabharfar an deis dó an cheist a chur ina ceart faoi spriocdháta sonraithe. Mura rachfar i ngleic go sásúil leis an gceist laistigh den am a leagtar amach, measfar an t-iarratas a bheith neamhbhailí agus ní bheifear ábalta é a bhreithniú níos faide.

IARRATAIS A MEASADH A BHEITH NEAMHBHAILÍ FAOI SCP 2017

Tabharfar an deis do gach iarratasóir ar measadh a n-iarratas faoi bhabhta 2017 den SCP an doiciméadacht cheartaithe a chur ar aghaidh le gur féidir iarratas 2017 a bhreithniú do dheontas in 2018. Déanfar teagmháil leis na grúpaí sin le sonraí maidir le hiarratas ó 2017 a cheartú. Is féidir leis na clubanna/eagraíochtaí sin freisin iarratas nua uilig a dhéanamh. Ní féidir le club/eagraíocht an péire a dhéanamh (ie iarratas 2017 a cheartú agus iarratas nua a dhéanamh).

FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 1: BALLRAÍOCHT

Níl maoiniú SCP ar fáil ach amháin d'eagraíochtaí a reáchtáiltear ar bhonn neamhbhrabúis agus atá faoi úinéireacht na mball agus á rith thar a gceann. Nuair a bheidh leithdháiltí á ndéanamh, tabharfar tús áite d'eagraíochtaí:

- a bhaineann táillí ballraíochta bliantúla measartha amach
- nach mbaineann táillí iontrála aonuaire amach
- atá cleamhnaithe leis an gCoiste Náisiúnta Rialaithe Spóirt cuí

Ní mór d'iarratasóirí freisin a bheith oscailte do bhaill nua

Tá gach cuid den leathanach seo éigeantach.

FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 2: SONRAÍ AN TIONSCADAIL

Teideal an tionscadail

Ba chóir go mbeadh cúpla focal anseo d'fhonn an tionscadal a aithint sa todhchaí mar “draenáil príomhpháirce”, “báid rámháiochta agus maidí rámhá” nó “trealamh spóirt”

Achoimre

Tabhair achoimre ghearr (800 carachtar ar a mhéid ag áireamh spásanna agus poncaíocht) le do thoil, maidir leis an iarratas atá á dhéanamh agat. Ba chóir go dtabharfadh an achoimre cur síos ar do thionscadal agus conas a chuirfeadh na háiseanna nó an trealamh nua seo le líon na rannpháirtithe gníomhacha i spórt nó le feabhas a chur ar fheidhmíocht. Ba chóir spriocanna sonracha a lua atá intomhaiste agus réadúil. Ba chóir d'iarratasóirí dul i gcomhairle le réimse leathan úsáideoirí ionchais nuair a bheadh áiseanna á bpleanáil. Leanáí agus daoine óga ina measc.

Ní dhéanfar maoiniú ach ar thionscadail a bhaineann le spórt. Le cabhrú linn a shocrú an tionscadal spóirt é baintear úsáid as sainmhíniú Chomhairle na hEorpa ar cad is spórt ann:

“gach cineál gníomhaíochta fisiciúil, trí rannpháirtíocht neamhfhoirmeálta nó eagraithe, dírithe ar infheidhmeacht choirp chomh maith le folláine intinne a léiriú nó a fheabhsú, a chruthaíonn gaolmhaireachtaí sóisialta nó a bhaineann torthaí amach i gcomórtas ag gach leibhéal.”

Seoladh

Seo í láthair an tionscadail nó na háise mar a ndéanfar an trealamh spóirt a stóráil. Ní mór duit ar a laghad líne amháin den seoladh agus den chontae a chur isteach. Ba chóir éirchíod a thabhairt.

Suíomh

Zúmáil isteach ar an léarscáil agus cliceáil ar láthair do thionscadail (is féidir go mbeadh leagan satailíte níos éasca le húsáid). Mar rogha ar sin is féidir leat comhordanáidí domhanfhad agus domhanleithead a chur isteach. **Tá sé tábhachtach go dtugann tú láthair d'áise go cruinn ar an léarscáil.**

Sonraí an tionscadail atá beartaithe agus costais

Sa chuid seo ba chóir duit comhpháirteanna éagsúla do thionscadail a leagan amach agus costas agus tosaíocht gach ceann acu. Is féidir leat atheagar a chur ar a dtosaíocht ina dhiaidh sin.

Toisc go bhfuil an maoiniú atá ar fáil teoranta, tá sé riachtanach go ndéanfa miondealú ar chostas gach cuid den tionscadal agus ar chostas gach coda de chomh mór agus is féidir é. Mura ndéantar miondealú leorthdhóthanach ar chostas do thionscadail is féidir go mbeadh sé deacair aon mhaoiniú a leithdháileadh ina thaobh.

Mar shampla má áiríonn do thionscadal athdhromchlú cúirte leadóige, fál a chur timpeall ar an gcúirt agus an áit a thuilsoilsiú, ba chóir duit an costas ar gach gné ar leith a áireamh san iarratas agat le tosaíocht á thabhairt agat ar gach gné acu. Mura ndéanann tú ach costas foriomlán amháin a sholáthar agus nach mbíonn go leor airgid ann le maoiniú a dhéanamh ar gach ceann de na 3 ghné, is féidir nach mbeadh aon mhaoiniú ar fáil duit ar chor ar bith.

Má sholáthraíonn tú costas ar leith do gach gné, is féidir go bhféadfaí maoiniú a sholáthar do chuid de ghnéithe an tionscadail.

Seo thíos liostaí de na nithe nach dtugtar maoiniú dóibh. Níl iontu seo ach samplaí agus ní thiomsaíonn siad gach féidearthacht.

Ní mór do gach tionscadal caipitil a bheith inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas agus teacht leis na 7 bprionsabal maidir le dearadh uilíoch www.universaldesign.ie.

Mura n-áiríonn tú ach trealamh, ní dhéanfaidh córas OSCAR eolas agus cáipéisí tacaíochta maidir le cead pleanála nó teideal a lorg.

Féachfar ar ghnéithe incháilithe iarratais ó thaobh maoinithe de, fiú mura mbíonn gnéithe eile den tionscadal incháilithe.

Cuirtear maoiniú ar fáil:

- Páirceanna imeartha, raonta agus cúirteanna féir nádúrtha (ar a n-áirítear draenáil ar pháirceanna imeartha)
- Tuilsoilsiú
- Páirceanna imeartha, raonta, cúirteanna saorga agus achair do chluichí ilúsáide
- Stiúideo aclaíochta
- Fálú slándála, eangach le liathróid a stop agus cuailí
- Ballaí iomána / cúirteanna liathróide láimhe
- Rianta siúlóide/bogshodair
- Tógáil nó athchóiriú seomraí gléasta, ceathanna agus leithris
- Tógáil nó athchóiriú hallaí spóirt agus hallaí gleacaíochta nó stiúideonna aclaíochta
- Mionathrú ar áiseanna spóirt le feabhas a chur ar rochtain do dhaoine atá faoi mhíchumas.
- Trealamh spóirt neamhphearsanta ar a n-áirítear trealamh gleacaíochta², lomairí faiche agus dífhibrileoirí.
- Aon tionscadal caipitil eile ar léir baint a bheith acu le spórt agus a chuirfeadh le rannpháirtíocht i spórt nó a chuirfeadh feabhas ar fheidhmíocht (féach sainmhíniú thuas).

Tá liosta níos cuimsithí ar na nithe ar a dtugtar maoiniú ina leith ar fáil sa liosta anuas ar an leathanach seo den fhoirm iarratais. Más mian leat cur isteach ar ní nach bhfuil clúdaithe ar an liosta seo déan teagmháil leis an Roinn le do thoil le comhairle a fháil.

². Caithfidh gach trealamh gleacaíochta a bheith inrochtana ag daoine atá faoi mhíchumas [nasc chuig an treoir].

Ní chuirtear maoiniú ar fáil ar:

- Chostais Reatha nó Oibríochta
- Ardáin fhéachana
- Carrchlóis, bóithre nó tírdhrechtú
- Clós Súgartha do leanaí
- Tithe tábhairne, cistineacha, cóiríocht chodlata, oifigí nó gnéithe eile de thionscadal nach bhfuil baint ar bith acu le spórt
- Tionscadail (nó gnéithe de thionscadail) mar a bhfuil obair tosaithe orthu cheana féin
- Tógáil nó athchóiriú linnte snámha
- Gnáthchothabháil (ar a n-áirítear athdhromchlú ar pháirceanna imeartha saorga maoinithe ag an CCP le 10 mbliana anuas)
- Iarratais ó scoileanna, ETBanna agus coláistí 3ú leibhéal nach ndéantar i gcomhpháirt le club spóirt amháin ar a laghad (féach mír ar leith ar iarratais ó scoileanna, ETBanna agus coláistí 3ú leibhéal ar leathanach 13)
- Aisíoc iasachta (is féidir scéim ar leith faoisimh cánach maidir le tabhartais do chlubanna spóirt a úsáid le maoiniú a dhéanamh ar aisíoc iasachta féach www.revenue.ie)
- Ceannach talún nó foirgneamh (is féidir scéim ar leith faoisimh cánach maidir le tabhartais do chlubanna spóirt a úsáid le maoiniú a dhéanamh ar thalamh a cheannach féach www.revenue.ie)

Tá sé éigeantach go gcuirfí ar a laghad gné amháin den tionscadal agat ar an leathanach seo.

Doiciméad meastacháin

Caithfear luachan nó meastachán réamh-thairisceana amháin ar a laghad a ullmhaíodh go proifisiúnta a uaslódáil do gach gné den tionscadal (ar a n-áirítear trealamh). Is féidir go mbeadh doiciméad amháin nó níos mó i gceist leis seo ach caithfear gach ní a bhfuil iarratas á dhéanamh air a chlúdach. Glactar leis na cineálacha seo doiciméad mar mheastacháin:

1. Meastachán ullmhaithe ag do mhaoirseoir teicniúil (innealtóir, suirbhéir cainníochta nó ailtire de ghnáth).
2. Meastachán ó chonraitheoir/soláthraí
3. Sliocht as catalóg/suíomh gréasáin (do threalamh amháin)

Mura ndéantar meastacháin a sholáthar d'aon ghné den obair, ní chuirfear ach na páirteanna eile den tionscadal san áireamh.

Tionscadail náisiúnta/réigiúnacha

Má tá áis náisiúnta nó réigiúnach á bheartú agat is gá duit litir thacaíochta a áireamh ó Cheanneagraíocht Rialaithe Spóirt Náisiúnta amháin ar a laghad.

Áirítear ar thionscadail Réigiúnacha nó Náisiúnta (uasmhéid deontais de €300,000):

- ionaid bharr feabhais náisiúnta do spórt amháin nó níos mó (m.sh. lárionad náisiúnta rámhaíochta, staid náisiúnta dornálaíochta)
- raonta reatha sintéiseacha 6-8 lána,
- ionaid bharr feabhais contae agus/nó réigiúnach
- tionscadail Údaráis Áitiúil ag lorg idir €150,000 agus €300,000
- Coláistí 3ú Leibhéal agus
- Iarratais ó Cheanneagraíochtaí Rialaithe Spóirt Náisiúnta.

Mura bhfuil tú cinnte cibé tionscadal náisiúnta/réigiúnach é do thionscadal, déan teagmháil leis an Roinn le comhairle a fháil le do thoil.

FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 3: BAINISTÍOCHT LÁITHREÁIN

Cad iad na háiseanna atá agat ar an suíomh seo agus/nó ar shuíomhanna eile faoi láthair?

Bain úsáid as an leathanach seo leis an Roinn a chur ar an eolas maidir leis na háiseanna atá agat faoi láthair. Tabhair sonraí iomlána le do thoil maidir le gach áis spóirt atá ag d’eagraíocht ar an suíomh seo nó ar shuíomhanna eile. Ba chóir go mbeadh sonraí mar líon na seomraí feistis agus líon na bpáirceanna imeartha áirithe ar an liosta.

Tabhair sonraí ar gach cineál áise atá agat. Mar shampla, dhéanfaidh club le 3 pháirc imeartha féir, ceann amháin le tuilsoilse agus 3 sheomra feistis 3 líne a líonadh:

Cineál	Líon
Páirceanna imeartha féir nádúrtha	3
Tuilsoilse	1
Seomraí feistis	3

Níl aon réimse ar an leathanach seo éigeantach.

Sonraí maidir le húsáid

Nuair is féidir ba chóir duit a leagan síos conas atá ar intinn agat grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste a mhealladh leis na háiseanna reatha nó atá beartaithe a úsáid. D’fhéadfaí a áireamh ar a leithéid de thionscnaimh go ndéanfaí rochtain ar chostas níos ísle a thairiscint do dhaoine dífhostaithe nó do phinsinéirí. An bhfuil aon ghrúpa dá leithéid i do cheantar a d’fhéadfaí a spreagadh a bheith níos rannpháirtí i spórt? Daoine faoi mhíchumas, imircigh, daoine den lucht siúil mar shampla. Cad a dhéanfaidh tú lena leithéid de ghrúpaí a spreagadh le d’áiseanna a úsáid? An dóigh go mbeinfeadh daoine a bhfuil fadhbanna sláinte meabhrach leas as an tionscadal atá beartaithe?

Níl aon réimse ar an leathanach seo éigeantach.

FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 4: DO MHAOINIÚ FÉIN

Bain úsáid as an leathanach seo leis an Roinn a chur ar an eolas maidir leis an méid maoinithe atá á lorg agat agus tabhair sonraí ar do mhaoiniú féin don tionscadal.

Cé mhéad ar cheart duit cur isteach air

Is é uasmhéid an deontais atá ar fail do thionscadail chlub/eagraíochta áitiúil ná €150,000. Ní shamhlaítear go ndéanfaí an méid seo a leithdháileadh ach i gcúinsí eisceachtúla. Is é uasmhéid an deontais atá ar fail do thionscadail réigiúnacha ná €300,000 (féach leathanach 9 le sonraí a fháil ar cad a cheaptar a bheith i gceist le tionscadail náisiúnta agus réigiúnacha).

Agus measúnú á dhéanamh ar d'iarratas, déanfar cibé a bhfuil do thionscadal réalaíoch a mheas i dtéarmaí scála, costais agus méid an deontais atá á lorg.

Do Mhaoiniú Féin

Ní mór do gach eagraíocht, seachas údaráis áitiúla, ranníocaíocht 5% ar a laghad de chostais fhoriomlána an tionscadail a sholáthar as a gcuid airgid féin. Is féidir sin a bheith i bhfoirm iasachta nó coigiltis. Agus measúnú á dhéanamh ar iarratais, tugtar marcanna níos airde d'eagraíochtaí a léiríonn gur féidir leo leibhéal níos airde dá gcuid airgid féin a sholáthar (le hualú i bhfabhar ceantair faoi mhíbhuntáiste). Ba cheart duit, dá bhrí sin, a mhéid agus is féidir leat de do chuid maoinithe féin a sholáthar don tionscadal.

Ní mór d'údaráis áitiúla ranníocaíocht maoinithe 30% ar a laghad de chostas foriomlán an tionscadail a sholáthar.

Caithfidh do mhaoiniú féin in éineacht le méid an airgid a bhfuiltear ag cur isteach air, ar a laghad costas iomlán an tionscadail a chlúdach.

Fianaise ar do Mhaoiniú Féin

Is gá duit fianaise ar do mhaoiniú féin a uaslódáil i gceann amháin nó níos mó de na formáidí thíos **(ní ghlactar le haon chineálacha eile fianaise ar do mhaoiniú féin mar litreacha ó Choistí Náisiúnta Rialaithe nó tabharthóirí, rótharraingtí, cóipeanna de chuntais an chlub nó meastacháin ar ghníomhaíochtaí tiomsaithe airgid sa todhchaí):**

- Ráiteas amháin ar a laghad ó institiúid airgeadais nó ó Chiste Forbartha an CLG Ní mór don ráiteas/do na ráitis **ainm na heagraíochta a thabhairt**, sonraí na hinstitiúide airgeadais³ agus an iarmhéid deiridh ar an ráiteas/na ráitis a sholáthar. Déanfar seo a úsáid leis an méid maoinithe atá tú féin a chur ar fáil agat don tionscadal a

³ Glacfaidh an Roinn le duaisbhannaí.

dheimhniú. Ní mór dáta na ráiteas a bheith laistigh de 3 mhí ó spriocdháta an iarratais. Más iarratas i gcomhpháirt atá ann nó má tá níos mó ná cuntas bainc amháin ag an iarratasóir, is féidir ráiteas a áireamh maidir le gach cuntas. Ní féidir rótharraingtí a úsáid mar do mhaoiniú féin.

- Má bhíonn iasacht i gceist le leibhéal do mhaoinithe féin, ní mór do d'institiúid airgeadais an teimpléad a sholáthraítear in Aguisín 1 a líonadh agus a stampáil. Ní féidir rótharraingtí a úsáid mar do mhaoiniú féin. Ní ghlactar le hiasachtaí ó Chiste Forbartha CLG mar do mhaoiniú féin.
- Is féidir le hÚdaráis Áitiúla, ETBanna agus Coláistí Tríú Leibhéal litir a sholáthar lena ndeimhniú gur ann don mhaoiniú atá riachtanach.

Tá sé éigeantach go ndéanfaí uaslódáil ar dhoiciméad amháin ar a laghad a léiríonn do mhaoiniú féin.

FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 5: CEAD PLEANÁLA AGUS TEIDEAL / ÚINÉIREACTH / ROCHTAIN

Cead pleanála

Gheobhaidh d'iarratas marcanna sa bhreis má dhéanann tú ceann acu seo a leanas a uaslódáil:

1. Fianaise ar iarratas reatha ar chead pleanála trí dhoiciméad ó Rannóg Pleanála an Údaráis Áitiúil le huimhir thagartha na pleanála (nó uimhir thagartha chuid 8 d'Údarás Áitiúil) nó cóip den iarratas pleanála, (le stampa ó Rannóg Pleanála an Údaráis Áitiúil agus le huimhir thagartha na pleanála) d'aon ghné de do thionscadal a éilíonn cead pleanála.
2. Cóip den chead pleanála d'aon ghné de do thionscadal a éilíonn cead pleanála. Caithfidh Údaráis Áitiúla an asbhaint ó mhiontuairiscí chruinnithe na comhairle a sholáthar nuair a cuireadh iarratas chuid 8 tríd, nó litir ón rannóg pleanála ag deimhniú faofa ar Chuid 8. **Ní mór don chead pleanála seo a bheith reatha ag am an iarratais.**
3. An teimpléad críochnaithe le deimhniú nach bhfuil gá ag do thionscadal le cead pleanála (is féidir íoslódáil a dhéanamh air seo ar an leathanach seo den suíomh gréasáin nó is féidir é a chóipeáil ó Aguisín 2 den treo seo).

Beidh ar aon iarratasóir a n-éiríonn leis 2 nó 3 a sholáthar sular féidir aon deontas a íoc.

Teideal/Úinéireacht/Rochtain

Más iarratas ar threalamh spóirt amháin atá á dhéanamh agat

Ní gá duit aon fhianaise ar theideal a sholáthar. Ina ionad sin, má éiríonn leis an iarratas agat, beidh ar d'eagraíocht dearbhú a shíniú ag tiomnú na heagraíochta an trealamh a choimeád in úsáid spóirt ar feadh cúig bliana ar a laghad.

Más leat an talamh nó má tá léas agat atá cláraithe

Más leat an talamh nó má tá léas agat uirthi le 15 bliana ar a laghad fágtha air ag staid an iarratais, agus go bhfuil do theideal cláraithe i gClárlann na Talún, is féidir leat cur isteach ar mhaoiniú suas le €150,000 ar oibreacha caipitiúla⁴.

Ní féidir le heagraíochtaí a bhfuil léas cláraithe acu a bhfuil idir 5 agus 15 bliana fanta air ach iarratas a dhéanamh ar dheontas caipitil €50,000 ar a mhéad. Is féidir le d'aturnae comhairle a chur ort ar cheisteanna teidil.

Sa chás sin is gá don aturnae agat an teimpléad a sholáthraítear in aguisín 5 a líonadh agus a shíniú (is féidir íoslódáil a dhéanamh air seo ón suíomh gréasáin). Caithfear gach ceist a fhreagairt.

Murar leat an talamh nó mura bhfuil léas fada agat

Murar leat an talamh nó mura bhfuil léas 15 bliana agat ar a laghad fágtha ar an léas atá cláraithe ní féidir leat cur isteach ach ar uasmhéid de €50,000 i dtreo na n-oibreacha caipitiúla. Mar sin féin, má fuair tú deontas caipitil i 2014, 2015 nó 2017 i dtreo an láithreáin seo, is é uasmhéid na ndeontas i dteannta a chéile, ar a n-áirítear aon deontas i 2018, ná €50,000.

Sa dara cás acu seo is gá d'úinéir na talún an teimpléad in aguisín 4 a líonadh (ar fáil le híoslódáil ar an suíomh) á rá nach bhfuil sé ar intinn aige/aici an áis a bhaint den eagraíocht go ceann tréimhse nach lú ná 5 bliana. Caithfear gach ceist a fhreagairt.

Más le hÚdarás Áitiúil an talamh ar a bhfuil an áis atá beartaithe le bheith suite agus nach mbíonn léas agat a bhíonn cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine, ba chóir go ndéanfadh an tÚdarás Áitiúil an t-iarratas thar do cheann.

Is féidir iarratas a dhéanamh freisin ar threalamh spóirt. Ní chaitear aon fhianaise a chur ar fáil i dtaobh úinéireachta. Is é an t-uasmhéid deontais i gcás ar bith – deontas caipitil agus trealaimh spóirt - €150,000 do thionscadail áitiúla nó €300,000 do thionscadail réigiúnacha/náisiúnta.

Scoileanna ar Thalamh na Roinne Oideachais agus Scileanna lena n-áirítear Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha

Ní mór do na scoileanna seo an teimpléad in Aguisín 5 a úsáid chun cead i scríbhinn a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun na háiseanna beartaithe a fhorbairt. Chun am leordhóthanach a thabhairt lena bhreithmheas beidh 4 seachtaine ar a laghad de dhíth ón

⁴ Chun léas a chlárú le Clárlann na Talún ní mór 21 bliain, ar a laghad, a bheith fanta air ag am a chláraithe. Is féidir léas níos giorra ná sin a chlárú le Clárlann na nGníomhas.

Roinn Oideachais agus Scileanna sula seoltar an t-iarratas ar líne chun an fhorbairt atá beartaithe a mheas.

Mura bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar threalamh amháin is gá duit uaslódáil a dhéanamh ar fhianaise ar theideal nó ar fhianaise ar rochtain leanúnach ar an láithreán. Sa dá chás is GÁ duit an teimpléad iomchuí a sholáthraítear a úsáid.

FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 6: FIANAISE AR CHOMHROINNT

Ní féidir le Scoileanna, ETBanna agus Coláistí 3ú Leibhéal cur isteach ar mhaoiniú ach i **gcomhpháirt** le clubanna spóirt nó grúpaí pobail áitiúla. Ní mór do gach eagraíocht a bhíonn i gceist a bheith cláraithe ar an gcóras OSCAR.

Bainfidh iarratais ó chlubanna/grúpaí pobail marcanna breise amach ach léiriú go mbeadh na háiseanna ar fáil do scoileanna agus grúpaí spóirt sa phobal trí chéile.

Ní mór cóipeanna a sholáthar de chomhaontuithe dlíthiúla (m.sh. comhaontú faoi cheadúnas idir scoil agus club(anna) - téigh chuig do dhlíodóir le do thoil le tuilleadh eolais a fháil) a cheadódh do chlubanna agus/nó don phobal áitiúil na háiseanna agat a úsáid ar feadh 20 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine i gcaitheamh na bliana.

Ar na gnéithe eile a neartódh iarratas i gcomhpháirt scoile/club tá iarratas i gcomhpháirt scoile/club ar a n-áireofaí comhbhord bainistíochta agus/nó comh-chuntas bainc don áis a fhaigheann deontas. Tá treoirlínte maidir lenar cheart a bheith sa chomhaontú ceadúnúcháin leagtha síos in aguisín 3.

Ní mór don eagraíocht a bhfuil úinéireacht acu ar an talamh ar a bhfuil an tionscadal beartaithe an t-iarratas a dhéanamh ar chóras OSCAR.

Má bhíonn iarratas i gcomhpháirt á dhéanamh agat le heagraíocht eile ní féidir leat iarratas scartha a dhéanamh faoi d'ainm féin, murar Údarás Áitiúil, Coiste Náisiúnta Rialaithe nó Bord Oideachais agus Oiliúna tú.

Tá gach réimse éigeantach ar an leathanach seo.

Déan uaslódáil ar chóip nó ar chóipeanna den chomhaontú dlí foirmeálta (m.sh. comhaontú ceadúnúcháin idir scoil agus club(anna) - labhair le d'aturnae chun tuilleadh eolais a fháil le do thoil) a cheadódh do chlubanna agus/nó don phobal áitiúil na háiseanna a úsáid ar feadh 20 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine i gcaitheamh na bliana. Tá treoirlínte maidir lenar cheart a bheith sa chomhaontú ceadúnúcháin leagtha síos in aguisín 3.

Más ó scoil/ETB/coláiste nó iontaobhas dheoise d'iarratas nó más mian leat marcanna breise a fháil as na háiseanna a chomhroinnt is gá duit ar a laghad comhaontú ceadúnúcháin amháin a uaslódáil anseo.

FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 7: ACHOIMRE AGUS TAISCEADH

D'fhonn iarratas a dhéanamh is gá duit “save and submit” ar an leathanach seo a bhrú. Mura gcuireann tú an t-iarratas isteach ní chuirfear san áireamh é.

Nuair a bhíonn d'iarratas curtha isteach agat moltar go láidir duit cóip den leathanach “Iarratas ar Dheontas Curtha Isteach” a shábháil agus/nó a chló. B'fhéidir go mbeadh an litir seo ag teastáil uait mar fhianaise ar d'iarratas a dhéanamh.

**5pm an Aoine an XXX an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais
Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir eagarthóireacht a
dhéanamh ar iarratas, ná cur leis, a luaithe agus a chuirtear
isteach é.**

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

Saoráil Faisnéise

Is féidir le duine ar bith den phobal rochtain a lorg ar na taifid atá ag Ranna Rialtais faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, is féidir linn sonraí atá in iarratais agus i ndoiciméid tacaíochta a scaoileadh, ar iarratas, le tríú páirtithe. Má tá aon fhaisnéis in bhur n-iarratas atá íogair, déan teagmháil linn go neamhspleách le do thoil, agus mínigh cén fáth nár cheart í a nochtadh do dhaoine eile. Má iarrtar aon fhaisnéis íogair orainn, rachaimid i gcomhairle leat sula ndéanfaimid cinneadh faoi. Mar sin féin, mura gcuireann tú in iúl go bhfuil íogaireacht ag baint le faisnéis ar bith agus go dtugann tú cúiseanna mar thacaíocht leis sin, déanfaimid í a nochtadh gan dul i gcomhairle leat.

Séanadh

Ní bheidh an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta freagrach don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile as aon chailteanas, damáiste ná costais de chineál ar bith ag eascairt go díreach nó go hindíreach ón iarratas nó a mbíonn ann nó as ár ndíúltú don iarratas ar chúis ar bith.

Ní bheidh an Roinn, ná a cuid seirbhíseach nó a gníomhairí freagrach tráth ar bith ar chúinse ar bith as aon ní a bhaineann le forbairt, pleanáil, tógáil, feidhmiú, bainistiú agus / nó riaradh tionscadail indibhidiúla ná aon ní a bhaineann le páirtíocaíocht ag an Roinn as sonraisc a chuireann deontáil isteach.

Ráiteas Iarratasóra Thar Ceann Eagraíochta

Deimhním/deimhnímid go bhfuil an Treoir agus na critéir maidir le hiarratas a dhéanamh faoi Chlár Caipitil Spóirt 2018 léite agam/againn agus go dtuigim/dtuigimid iad agus go n-aontaím/n-aontaímid déanamh go hiomlán de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha. Tuigim/tuigimid gur cinntí deiridh iad na cinntí a dhéantar ar iarratais agus ar leithdháiltí.

Deimhním/deimhnímid go bhfuil gach faisnéis a thugtar san iarratas seo agus gach faisnéis a thugtar i ngach doiciméad tacaíochta fíor agus cruinn agus go nglacaim/go nglacaimid leis má fhaightear amach go mbíonn aon fhaisnéis a thugtar bréagach nó míthreorach gur féidir leis an Roinn deontais a tharraingt siar, a éileamh go ndéanfaí aisíoc ar an deontas uile nó ar chuid de agus/nó cosc a chur ar iarratais ón eagraíocht sin ar feadh tréimhse. Tuigim freisin go bhféadfadh an Roinn na Gardaí a chur in iúl ina leith sin.

Aontaím/Aontaímid ó dháta an deontais nach séanfaidh mé/séanfaimid rochtain ar aon áis ná ar chuid d'aon áis dá bhfaightear deontas, ar dhuine ar bith ar na forais gnéas, reiligiún, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, cine, gnéaschlaonadh, creideamh, nó ballraíocht den Lucht Siúil gan cúis chóir, réasúnta agus cuí. Aontaím/Aontaímid ó dháta an deontais go mbeidh an eagraíocht ar oscailt chun glacadh le baill nua ar feadh tréimhse cúig bliana i gcás deontais trealaimh agus ar feadh tréimhse cúig bliana déag i gcás deontais caipitil.

Admhaím/Admhaímid oibleagáidí na heagraíochta faoin Ordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

https://www.dcy.gov.ie/viewdoc.asp?fn=%2Fdocuments%2FChildren_First%2FChildrenFirstLegislation.htm

Aontaím/aontaímid gur féidir aon leithdháileadh deontais a dhéantar maidir leis an iarratas seo a tharraingt siar mura ndéanann an deonaí dul chun cinn leordhóthanach ar an deontas a tharraingt anuas faoi mar a bhíonn leagtha síos in aon litir leithdháilte.

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Tá Beartas Príobháideachta ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Is féidir Beartas Príobháideachta nuashonraithe an Rialtais a léamh ag www.dttas.gov.ie/dataprotection.

Toisc gur tusa príomhtheagmhálaí na heagraíochta atá ag déanamh an iarratais, d'fhéadfadh an Roinn teagmháil a dhéanamh leat ó am go ham le scéala ábhartha faoin gCiste um Bonneagar Spóirt Mórscála, ar an mbonn gurb é leas na Roinne agus d'eagraíochta é agus go bhfuil sé dlisteanach go leanfadh an Roinn le do shonraí a choinneáil agus a phróiseáil.

Leis an iarratas seo a chur isteach toilíonn tú go gcoinneoidh an Roinn do shonraí teagmhála chun críocha an SCP a riar.

MAR A DHÉANANN AN ROINN MEASÚNÚ AR IARRATAIS

Ní féidir maoiniú a fháil faoin gClár Caipitil Spóirt ach do thionscadail spóirt - cibé an spóirt iomaíoch nó caitheamh aimsire atá i gceist.

D'fhéadfadh go rachaimis i gcomhairle le ranna rialtais, údaráis áitiúla, Spóirt Éireann agus coistí náisiúnta rialaithe spóirt le linn dúinn tionscadail a mheas.

Féachaimid le maoiniú a roinnt go maith idir réimsí éagsúla agus réimsí leathan spóirt nuair a bhítear ag leithdháileadh maoinithe. Maidir leis an mbealach a ndéantar tionscadail a mheas, breithnítear na nithe seo a leanas chun teacht ar scór foriomlán i leith gach iarratais. Tá baint mhór ag an scór foriomlán leis na leithdháiltí a dhéanamh.

Critéar 1 **An dóigh go gcuirfead le rannpháirtíocht/feabhas ar fheidhmíocht**

Conas mar a chuirfidh an tionscadal le rannpháirtíocht ghníomhach sa spóirt agus/nó feabhas ar chaighdeán feidhmíochta spóirt de réir na spriocanna a luaitear go soiléir? Breithneofar na táillí atá le gearradh i ndáil leis an gcritéar seo. Tabharfar tús áite d'áiseanna ar dóigh a mhéadóidh rannpháirtíocht i spóirt. Ní mhaoineofar áiseanna beáir, tírdhreachú, ná carrchlóis faoin gClár. Ní bhronnfar na marcanna is airde faoin gcritéar ach amháin ar thionscadal i gceantair faoi mhíbhuntáiste (bunaithe ar innéacs Pobal de mhíbhuntáiste) agus ar na tionscadail sin atá dírithe go sonrath ar dhaoine faoi mhíchumas nó a bhfuil fadhbanna sláinte meabhrach ag dul dóibh.

Critéar 2 **Áiseanna a Roinnt**

Ní féidir le hiarratasóirí marcanna a bhaint amach faoin gcritéar Áiseanna a Roinnt ach amháin má chuireann siad isteach comhaontuithe ceadúnais a léiríonn go bhfuiltear ag roinnt áiseanna le grúpaí eile. Ní ghlacfar litreacha tacaíochta san áireamh.

Critéar 3 **Leibhéal an mhíbhunáiste shocheacnamaíochta sa cheantar**

Tabharfaimid tús áite d'áiseanna i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Beidh an scór a leithdháilfear de réir Innéacs Díthe Pobal don cheantar a bhfuil an tionscadal lonnaithe <https://maps.pobal.ie/>

Critéar 4 **Fiúntais theicniúla an tionscadail**

Dámhtar marcanna ar fhianaise a sholáthar ar iarratas pleanála, ar chead pleanála nó ar fhianaise nach gá cead pleanála agus ar chaighdeán na meastachán a chuirtear ar fáil.

Critéar 5 **Leibhéal dá gcuid maoinithe féin ar fáil**

Iarrtar ar Údaráis Áitiúla 30% de chostas an tionscadail a chur ar fáil. Iarrtar ar gach iarratasóir eile 5% de chostas an tionscadail a chur ar fáil. Bronnfar marcanna breise ar iarratasóir a chuirfidh cionroinnt níos airde dá chuid maoinithe féin ar fáil. **Is lú dá gcuid maoinithe féin a theastaíonn ó iarratasóirí i gceantair faoi mhíbhuntáiste chun uasmhéid marcanna a bhaint amach faoin gcritéar seo.** Laghdóidh an marc sa chás is go bhfuil maoiniú an iarratasóra i leith an tionscadail bunaithe den chuid is mo ar iasachtaí.

Critéar 6
mhéid]

An leibhéal de mhaoiniú SCP a fuarthas le 10 mbliana

[14 marc ar a

Tugtar tús áite d'iarratasóirí nach bhfuair deontais shuntasacha faoin scéim le 10 mbliana anuas. Laghdófar marcanna faoin gcritéar seo ar iarratasóirí a bhfuil breis is €100,000 amuigh orthu le ceithre bliana nó níos mó.

Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhfuil maoiniú teoranta agus gur próiseas iomaíoch atá i gceist. Ní hionann na bunchritéir faoi na ceanteidil thuas a shásamh agus maoiniú a fháil.

Cad a tharlóidh má éiríonn le d'iarratas?

Ní bheidh obair a thosaítear nó trealamh a cheannaítear sula bhfógraítear deontais incháilithe don mhaoiniú.

Má éiríonn le d'iarratas, tabharfar **leithdháileadh sealadach** do d'eagraíocht. Ní mór téarmaí agus coinníollacha ar leith a chomhlíonadh chun **ceadú foirmeálta** a fháil. Beidh na téarmaí agus coinníollacha beachta ag brath ar luach agus ar chuspóir an deontais agus a mhéid airgid a leithdháileadh ort san am a caitheadh. **Níor cheart aon chonarthaí a shíniú ná tús a chur le haon obair ar an áis atá i gceist go dtí go mbeidh Cead Foirmeálta eisithe againn.** A luaithe a bheidh cead foirmeálta faighte féadfaidh tú tosú ar an obair agus an deontas a tharraingt.

Conas mar a íoctar deontais?

Íocfar deontais i gcéimeanna de réir mar a théann do thionscadal chun cinn trí do chuid costas a chúiteamh.

A luaithe a bheidh ceadú foirmeálta faighte agat déanfaidh tú iarraidh ar íocaíocht (ar an gcóras OSCAR) agus uaslódálfadh tú na doiciméad tacaíochta (go háirithe cóip de shonrasc agus fianaise ar íocaíocht). Faoi SCP 2018 cúiteoidimid 95% (70% i gcás Údaráis Áitiúla) de shonrasc a bheidh íoctha nó go mbeidh luach an deontais eisithe.

Ní dhéanfar ach obair/trealamh dá bhfuil Ceadú Foirmeálta eisithe ina leith a chúiteamh agus **ní chúiteofar aon sonrasc a íocadh in airgead tirim.**

Déanfar stádas imréitigh cánach an deontaí agus soláthraithe/conraitheoirí (atá ag cur obair nó earraí ar fáil ar fiú níos mó ná €10,000 í/iad) a sheiceáil sula ndéanfar aon airgead a scaoileadh.

I ndáil le hobair chaipitil, coinneofar 5% den deontas go mbeidh na nithe seo a leanas faighte againn:-

1. Grianghraf den chomhartha ar a ndeirtear go bhfuil an tionscadal á mhaoiniú ag an gClár Caipitil Spóirt le fáil ón gCrannchur Náisiúnta agus an comhartha a bheith ar taispeáint in áit feiceálach san áis.
2. Deimhniú ó do mhaoirseoir teicniúil go bhfuil gach gné den obair tugtha chun críche go sásúil agus go bhfuil an Tréimhse Dliteanais Lochtanna imithe in éag agus go bhfuil gach ní in ord.

3. Deimhniú go bhfuil aon mhuirear dlí ar mhaoin an deontaí cláraithe.

Déantar airgead a chúiteamh i bhfoirm ríomhaistriú airgid isteach i gcuntas bainc ainmnithe an deontaí.

AGUISÍN 1: TEIMPLÉAD DO THAIRISCINT IASACHTA

Tá an fhoirm seo le comhlánú agus le stampáil ag d'institiúid airgeadais. Ní féidir rótharraingt a úsáid mar fhéinmhaoiniú.

Ainm an chlub/na heagraíochta	
Cé mhéid atá san iasacht?	
Cad chuige an iasacht seo?	
An bhfuil aon iasachtaí eile gan íoc ag an gclub ón institiúid airgeadais seo?	
Cad é téarma an iasachta molta?	
Cé na haisíocaíochtaí míosúla?	
An bhfuil an iasacht faofa ar fad nó faofa i bprionsabal?	
Cathain a bheidh an iasacht ar fáil le tarraingt anuas?	
An éilíonn an iasacht aon urrús agus má dhéanann abair cén cineál urrúis atá i gceist?	

Priontáil an t-ainm le do thoil

Síniú

Teideal Poist



Stampa na hInstitiúide Airgeadais

Dáta: _____

(Ní mór é a bheith laistigh de 12 mhí ó spriocdháta an iarratais)

AGUISÍN 2: BÍONN AN TEIMPLÉAD LE CRÍOCHNÚ NUAIR NACH MBÍONN GÁ LE CEAD PLEANÁLA

Caithfidh a bheith críochnaithe ag Maoirseoir Teicniúil⁵/Rannóg Pleanála Údaráis Áitiúil

Ainm an Iarratasóra _____

Seoladh an Tionscadail _____

Sonraí an tionscadail _____

Seoladh láithreáin an tionscadail _____

Le críochnú ag do Mhaoirseoir Teicniúil nó ag Rannóg Pleanála Údaráis Áitiúil amháin

Deimhním nach n-éilíonn an tionscadal thuasluaite nó cuid den tionscadal cead pleanála.

Síniú _____

Ainm _____ (Bloclitreacha)

Post _____

Cáilíocht Ábhartha _____

Dáta _____

⁵ Inniúlacht ghairmiúil i gcúrsaí pleanála, ailtire, innealtóir sibhialta nó comhairleoir pleanála de ghnáth

AGUISÍN 3: EOLAS AR ULLMHÚ NA GCOMHAONTUITHE CEADÚNÚCHÁIN IDIR PÁIRTITHE IN IARRATAS I GCOMHPÁIRT FAOIN GCLÁR CAIPITIL SPÓIRT

Tabhair faoi deara le do thoil:

Téigh chuig do dhlíodóir le comhairle a fháil ar chomhaontú ceadúnúcháin oiriúnach a chur le chéile. Tá freagracht ar an iarratasóir treoir a thabhairt dá n-aturnaetha agus a chinntiú go mbíonn aon chomhaontú dlíthiúil a dhéantar oiriúnach dá gcúinsí indibhidiúla. Is chun críche faisnéise amháin an t-eolas thíos agus ní hionann é agus comhairle dlíthiúil ar conas ba chóir comhaontuithe dlíthiúla a chur le chéile agus ní bheidh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt freagrach don iarratasóir ná aon pháirtí eile as aon chaillteanas, damáiste ná costais de chineál ar bith ag eascairt go díreach nó go hindíreach as an eolas atá sa doiciméad seo.

Ní féidir le scoileanna, coláistí tríú leibhéal ná ETBanna iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ach **i gcomhpháirt** le clubanna spóirt nó grúpaí pobail áitiúla. Is féidir le clubanna spóirt nó le grúpaí pobail áitiúla marcanna breise a fháil ach a léiriú go mbeadh an áis ar fáil do scoileanna nó do ghrúpaí spóirt níos forleithne sa phobail.

Ní mór do na hiarratais seo fianaise a sholáthar ar chomhroinnt áiseanna **i bhfoirm chomhaontuithe fhoirmeálta cheadúnúcháin** sínithe ag na clubanna, an scoil agus/nó grúpaí spóirt pobail eile a cheadóidh do pháirtithe an iarratais na háiseanna a bhíonn beartaithe a úsáid i gcaitheamh na bliana nuair nach mbíonn siad in úsáid ag na hiarratasóirí féin.

Eilimintí den chomhaontú ceadúnúcháin

Cé go mbaineann foclaíocht chruinn aon chomhaontú ceadúnúcháin leis na hiarratasóirí i gcomhpháirt agus a n-aturnaetha faoi seach, beidh an Roinn ag seiceáil go mbíonn an t-eolas seo a leanas áirithe sna comhaontuithe ceadúnúcháin:

- Ainm agus/nó seoladh na háise/ na háise atá beartaithe a chomhroinnt
- Ainmneacha na ngrúpaí atá bainteach leis an gcomhaontú – ar a n-áirítear síniú ionadaí ó gach grúpa acu
- Freagrachtaí gach páirtí sa chomhaontú mar shampla: árachas, árachas dliteanais, cothabháil, glanadh
- Sonraí maidir le hamanna ar bith a mbeadh an áis ar fáil do gach páirtí agus aon socruithe rochtana
- An tréimhse ina mbeadh éifeacht leis an gceadúnas - neamhshonraithe nó ar feadh 15 bliana ar a laghad
- Aon teorainneacha leis na feidhmeanna a bhaineann le húsáid na háise.
- Aon socruithe bainistíochta i gcomhpháirt – boird bhainistíochta, ranníocaíochtaí airgeadais agus aon chomhchuntas bainc

- Aon socruithe maidir le táillí/maoiniú d'úsáid na n-áiseanna - ar a n-áirítear cé a shocraíonn na táillí nó an cíós agus cé a íocann iad
- Aon socruithe réitithe díospóide nó clásal forghéillte

AGUISÍN 4: TEIMPLÉAD DON TIARNA TALÚN LE ROCHTAIN LEANÚNACH AR AN LÁTHAIR/RÉADMHAOIN A DHEIMHNIÚ – I GCÁS LEITHDHÁILTÍ CAIPITIL €50,000 NÓ NÍOS LÚ AMHÁIN

LITIR DHEIMHNITHE AGUS CHOMHAONTAITHE MAIDIR LE HÚSÁID RÉADMHAOINE A BHAINNEANN LE HIARRATAS AR DHEONTAS Ó NA HÁITITHEOIRÍ FAOIN gCLÁR CAIPITIL SPÓIRT

Gan úsáid a bhaint as ach d'iarratais ar mhaoiniú caipitil de €50,000 nó níos lú nuair nach leis an iarratasóir an talamh nó nach mbíonn léas fada i gceist – féach leathanaigh 12-16 sa treoir maidir le hiarratas a dhéanamh le sonraí a fháil

Ainm an Chlub/na hEagraíochta:

Seoladh na háise:

Deimhním/deimhnímid _____ (cuir isteach ainm iomlán úinéara dlíthiúil na réadmhaoine/na háise):

1. Is liom/linn, atá ag feidhmiú mar _____ (abair cén údarás atá ag an té a shínigh an comhaontú seo le feidhmiú m.sh. úinéir, stiúrthóir na cuideachta atá mar úinéir, iontaobhaí atá ag sealbhú na réadmhaoine ar iontaobhas etc.) an láithreán/áis thuas.
2. Tá an láithreán/áis áitithe ag an gclub/eagraíocht thuasluaite ó (cuir bliain isteach) _____ agus úsáideann an eagraíocht an áis seo ar bhonn _____ (abair cén bonn atá le háitíocht an chlub/na heagraíochta sa réadmhaoin m.sh. léas, socrú miondíola, ceadúnas, socrú neamhfoirmeálta) agus tá sé ar fáil don eagraíocht sin ar bhonn leanúnach de réir a riachtanais.
3. Tuigim/tuigimid go bhfuil iarratas á dhéanamh ag an eagraíocht ar dheontas de €50,000 nó níos lú (faoin gClár Caipitil Spóirt) le forbairt a dhéanamh ar an láithreán/áis agus go bhfuil aontaithe agam/againn ar na hoibreacha/an fhorbairt atá beartaithe
4. Faoi láthair níl sé ar intinn agam/againn an láithreán/áis seo a dhíol, a fhorbairt ná athrú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad ón dáta ar a n-íoctar aon leithdháileadh mar thoradh ar an iarratas ar dheontas

5. Faoi láthair níl sé ar intinn agam/againn urchosc, díshealbhú a dhéanamh ná teorainn seachas sin a chur ar rochtain an chlub/na heagraíochta ar an láithreán/áis go ceann tréimhse 5 bliana ar a laghad

AR LEAN AR CHÚL AN LEATHANAIGH

6. Sa chás go n-éiríonn an club/eagraíocht thuas as an láithreán/áis a úsáid chun críche spóirt go ndéanfaidh mé/go ndéanfaimid iarrachtaí réasúnta ⁶ club/eagraíocht spóirt eile a aimsiú a fheidhmeodh an áis don chuid eile den tréimhse 5 bliana a ndéantar tagairt dó ag 4 thuas.
7. Mura mbíonn iarrachtaí réasúnta déanta agam/againn malairt úsáideora oiriúnach a aimsiú don láithreán/áis go ndéanfar aon luach nach bhfuil caite den deontas faoi mar a shocraíonn an Roinn é a aisíoc leis an Roinn. Déanfar amach cad é an luach nach bhfuil caite den deontas trí dhíscríobh barúlach a dhéanamh ar 1/5ú den deontas iomlán do gach bliain a críochnaíodh ón dáta ar ar déanadh an deontas a tharraingt anuas.

Sínithe: _____ Finné: _____

Ainm: _____ Ainm: _____

Seoladh: _____ Seoladh: _____

Dáta:- _____

(Ní mór é a bheith laistigh de 12 mhí ó spriocdháta an iarratais)

⁶ Déanann an Roinn sainmhíniú ar “iarrachtaí réasúnta” mar fhógraíocht a dhéanamh ar an láithreán/áis a bheith ar fáil ar bhonn bliantúil don chuid sin den tréimhse 5 bliana nach bhfuil caite agus iarracht a dhéanamh club/eagraíocht eile a aimsiú ina ionad a bhainfeadh úsáid as an áis a fuair cúnaimh deontais chun críche spóirt don tréimhse sin.

AGUISÍN 5: TEIMPLÉAD LE RIACHTANAIS TEIDIL AN CHLÁIR CAIPITIL SPÓIRT A SHÁSAMH

Caithfear é a phriontáil, caithfear gach ceist a fhreagairt agus caithfear é a shíniú, a dhátú agus stampa oifigiúil do dhlíodóra a bheith air

Tabhair faoi deara le do thoil:

Is gá do gach iarratasóir a dhéanann iarratas ar mhaoiniú caipitil a bhfuil teideal acu ar a réadmhaoin (i.e a shásaíonn riachtanais an teimpléid seo agus nach bhfuil iarratas á dhéanamh ar threalamh spóirt amháin) an teimpléad seo a sholáthar críochnaithe is cuma cé mhéid maoinithe a bhíonn á lorg. **Caithfear gach ceist a fhreagairt.**

Murar leis an iarratasóir a láthair féin nó mura bhfuil léas fada cláraithe aige/aici le 15 bliana ar a laghad fágtha air ag staid an iarratais ní féidir leis/léi ach cur isteach ar dheontas caipitil de €50,000 nó níos lú. Sa dara cás acu seo is gá d'úinéir na talún/foirgneamh an teimpléad in aguisín 4 a líonadh (ar fáil le híoslódáil ar an suíomh) á rá nach bhfuil sé ar intinn aige/aici an áis a bhaint den eagraíocht ar feadh tréimhse nach lú ná 5 bliana. **Ní ghlacfar le haon fhianaise eile ar theideal mar ghníomhais, léasanna nó fóilió a phriontáil amach. Ná déan an teimpléad seo a leasú ná a thras-scríobh.**

1. Ainm Úinéir na Maoine: _____

2. Gaol leis an iarratasóir: _____

3. Cén teideal atá ag an eagraíocht thuas ar láthair na forbartha atá beartaithe?

Ruílse Léas Tailte scoile faoi úinéireacht an Aire Oideachais ⁷

Más léasacht atá ann ansin:

(i) Líon na mblianta ar bhuntearmaí an léasa: _____

(ii) Líon na mblianta atá fanta ar an léas⁸: _____

4. **Líon ar an taobh eile den leathanach**

⁷ Ba chóir do scoileanna sa chatagóir sin leagan den teimpléad seo a íoslódáil atá leagtha amach go sonrach do scoileanna [nasc chuig an teimpléad]

⁸ Mura mbíonn 15 bliana ar a laghad fágtha ar an léas ní féidir leis an eagraíocht ach iarratas a dhéanamh do threalamh spóirt nó tionscadal caipitil de €50,000 nó níos lú agus sa chás sin is gá don tiarna talún aguisín 4 a líonadh.

An bhfuil an teideal seo cláraithe i rannóg Chlárlann na Talún den Údarás Clárúcháin Maoine?⁹

Tá Níl ¹⁰Uimhir Fóilió: _____

Má tá tú ag feitheamh ar chlárú i gClárlann na Talún an Údaráis Clárúcháin Maoine cuir an uimhir dhéileála isteach anseo (caithfidh an clárú a bheith críochnaithe sula n-íoctar aon deontas) _____

An bhfuil an teideal seo cláraithe i rannóg Chlárlann na nGníomhas den Údarás Clárúcháin Maoine (caithfear clárú a chríochnú sula ndéantar iarratas)?

Tá Níl

5. An bhfuil an teideal in ann muirear dlíthiúil a sheasamh?

Tá Níl

6. An bhfuil Gníomhas Cúnaint agus Táille ann ó dheontais roimhe seo?

Tá Níl

Dáta an mhuirir: _____

Más ea, an bhfuil an Gníomhas seo cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine (agus an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, más infheidhme)?

Tá Níl

Tá na rannóga ar úinéireacht láithreáin léite agam sa treoird maidir le hiarratas a dhéanamh faoi Chlár Caipitil Spóirt 2018

Ainm an Dlíodóra: _____

Seoladh an Dlíodóra: _____

Síniú an Dlíodóra: _____

Dáta: _____

Stampa an Aturnae

⁹ Má socraíodh an léas roimh 2006, caithfear clárú leis an Údarás Clárúcháin Maoine a thabhairt chun críche sula ndéantar an t-iarratas seo ar dheontas.

¹⁰ Má tá an mhaoin ar léas is í an uimhir léasachta is ceart a thabhairt

Ní mór é a bheith laistigh de 12 mhí ó spriocdháta an iarratais

AGUISÍN 5A: TEIMPLÉAD TEIDIL DO SCOILEANNA SA CHÁS GO BHFUIL AN TALAMH FAOI ÚINÉIREACTH AN AIRE OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

Caithfear é a phriontáil, caithfear gach ceist a fhreagairt agus caithfear é a shíniú, a dhátú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Beidh 4 seachtaine ar a laghad de dhíth ón Roinn Oideachais agus Scileanna sula seoltar an t-iarratas ar líne chun an fhorbairt atá beartaithe a mheas).

Tabhair ar aird:

Ní mór do gach scoil, atá ag déanamh iarratais ar obair chaipitil agus a bhfuil an talamh faoi úinéireacht an Aire Oideachais agus Scileanna, iarraidh ar Aonad Bainistíochta Maoine & Ceannaithe Suíomhanna de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna (057 932 5425 Jane_Kennedy@education.gov.ie) an teimpléad seo a líonadh.

Chomh maith leis sin cuir an fhaisnéis seo a leanas leis an iarraidh chuig an Roinn Oideachais & Scileanna:

- 1) Cóip de chead na bPátrún i leith an togra nó (i gcás Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha) Cóip de chead na nIontaobhaithe. Féach thíos
- 2) Pleananna/léarscáilanna cuí don obair bheartaithe

Caithfear gach ceist a fhreagairt.

Ná déan an teimpléad seo a leasú ná a thras-scríobh.

1. Ainm na Scoile: _____ Uimhir Rolla: _____

2. Deimhním go bhfuil an mhaoin lena mbaineann uimhir fóilió _____ faoi úinéireacht an Aire Oideachais agus Scileanna

3. An bhfuil an Roinn Oideachais agus Scileanna sásta go ndéanfaí an tionscadal beartaithe a fhorbairt ar an talamh lena mbaineann an teimpléad seo de réir na bpleananna atá faoi iamh?

Tá

Níl

Tá na rannóga maidir le húnéireacht láithreáin léite agam sa treoird maidir le hiarratas a dhéanamh faoi Chlár Caipitil Spóirt 2018

Ainm an Oifigigh sa Roinn Oideachais agus Scileanna: _____

Céim/Uimhir Theileafóin/Ríomhphost: _____

Síniú an Oifigigh _____

Dáta: _____

AR LEAN AR CHÚL AN LEATHANAIGH

Téacs Chead an Phátrúin

Ba chóir an téacs seo a leanas (nó téacs mar é) a bheith sa litir cheada ón bPátrún (nó Iontaobhaithe i gcás Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha) agus í a bheith sínithe ar pháipéar sainchlóite agus dírithe ar an iarratasóir chomh maith le cóip den fhoirm iarratais seo.

Deimhnímse _____ pátrún / iontaobhaí [scrios mar is infheidhme] (ainm na scoile) _____ go bhfuil an togra d'fhorbairt agus d'úsáid áiseanna agus don obair bheartaithe don scoil thuas athbheithnithe agam agus deimhním:

- (a) go dtoilím go dtabharfaí faoin obair seo agus
- (b) go bhfuil an togra ag teacht leis na Treoirínte maidir le hÚsáid foirgneamh Scoile lasmuigh d'Uaireanta Scoile"
- (c) an Lámhleabhar Rialachais do Scoileanna Pobail & Cuimsitheacha i gcás Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha [scrios mura bhfuil infheidhme]

Moltar d'Údaráis Scoile na treoirínte maidir le húsáid áiseanna scoile lasmuigh d'uaireanta scoile a thabhairt ar aird sula ndéantar iarratas ar mhaoiniú agus ata le fáil ag an nasc thíos. Ba chóir d'Údaráis Scoileanna a dheimhniú gur leanadh na forálacha cuí mar ata leagtha amach laistigh de na treoirínte.

<https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/guidelines-on-the-use-of-school-buildings-outside-of-school-hours.pdf>

Maidir le scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha tá feidhm freisin leis na forálacha ábhartha a luaitear anseo thíos:

<https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Boards-of-Management/Governance-Manual-for-Community-Comprehensive-Schools.pdf>